Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2019

# SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

# ARDLEIBHÉAL

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2019**

**SCÉIM MHARCÁLA**

## ROINN 1
**(80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**

**Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | 3,2,2,2,1 | 10 |
| **2.** | (2+2) (2+1) (2+1) | 10 |
| **3.** | 3,2,2,2,1 | 10 |
| **4.** | 3,2,2,2,1 | 10 |
| **5.** | 4(3+1), 6(3+3) | 10 |
| **6.** | 6(3+3), 4(2+2) | 10 |
| **7.** | 2, 4(4@1), 2, 2 | 10 |
| **8.** | 4, 3, 3 | 10 |
| **9.** | 4, 3, 3 | 10 |
| **10.** | 4(4@1), 3(3@1), 3 | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fail** | **80** |

**ROINN 2**
**(80 marc)**
**Ionad Póstaí agus Bainiseacha Lóiste Pháirc an Choirce**

| **Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonaid 1,2,3)**<br><br>**Ní mór an cheist seo a fhreagairt.** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh an téarma fiontraí.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann Emma Ní Dhálaigh as a bheith ina fiontraí. | (3+3)<br><br>2@7 (2+3+2)<br><br>Luaigh, Mínigh, Nasc | 20 marc |
| **(B)** | Déan measúnú ar na **gníomhaíochtaí bainistíochta** a bhaineann le hoibríocht Ionad Póstaí agus Bainiseacha Lóiste Pháirc an Choirce. | 3@10 (3+2+3)<br><br>Gníomhaíocht, Mínigh, Nasc,<br><br>Measúnú Pleanáil marc amháin<br>Eagrú marc amháin<br>Rialú 4 mharc | 30 marc |
| **(C)** | An dóigh leat gur chomhlíon Lóiste Pháirc an Choirce, **mar sholáthraí seirbhíse**, téarmaí an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980?<br><br>Mínigh do fhreagra, agus úsáid á baint agat as do chuid eolais ar an Acht **agus** tagairt agat don téacs sa cheist ar an nGnó Fheidhmeach. | **Ní dóigh** 3 mharc<br><br>3@9 (3+3+3)<br><br>Pointe Dlí, Míniú, Nasc | 30 marc |
| **Roinn 2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80 marc** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

## Roinn 3

**(240 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

### Cuid 1

### Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

| **Ceist 1**<br><br>**Daoine sa Ghnó** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir le dlí na gconarthaí, agus tabhair sampla i ngach cás:<br><br>**Inniúlacht Chonraithe**<br>**Comaoin**<br>**Dlíthiúlacht Foirme**<br>**Toiliú le Conrú** | 4@5 (3+2) | 20 |
| **(B)** | (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis, **seachas pá**, a bhíonn le díospóid thionsclaíoch.<br><br>(ii) Déan plé ar na nósanna imeachta nach mór a leanúint sular féidir dul i mbun gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil. | 3@5(2+3)<br><br>4,3,3 | 25 |
| **(C)** | Déan measúnú ar nós Imeachta na nÉileamh Beag chun coimhlint a réiteach. | 4@3<br><br>Measúnú: (0,1,3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 2<br><br>Timpeallacht Intíre | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Déan plé ar an tábhacht a bhaineann le gnólacht a bheith freagrach maidir leis an gcomhshaol.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart, seachas an beart a luaitear thuas, a d'fhéadfadh gnólacht a chur sa mheá ina iarracht a bheith níos freagraí maidir leis an gcomhshaol. | 3@5(2+3)<br><br>2@5 (2+3) | 25 |
| **(B)** | Tabhair breac-chuntas ar thionchar na n-athróg eacnamaíoch seo a leanas ar ghnólachtaí in Éirinn<br><br>**An ráta boilscithe**<br><br>**An ráta úis**<br><br>**An ráta fostaíochta** | 7(4+3), 7 (4+3), 6 (3+3) | 20 |
| **(C)** | Mínigh na cúiseanna a spreagann Rialtas na hÉireann an fhiontraíocht in Éirinn. | 3@5(2+3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

| Ceist 3<br><br>Timpeallacht Idirnáisiúnta | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Déan measúnú ar ról institiúidí an AE i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh. | Coimisiún 9 marc (3+3+3)<br><br>Parlaimint 6 mharc (3+3)<br><br>Comhairle 6 mharc (3+3)<br><br>Measúnú 4 mharc (0,2,4) | 25 |
| **(B)** | Mínigh na cúiseanna a bhféadfadh sé roghnódh gnólacht Éireannach trádáil le gnólachtaí eile **i limistéar an euro**. | 8(4+4), 7(4+3) | 15 |
| **(C)** | Déan plé ar na buntáistí a bhaineann gnólachtaí Éireannacha in earnáil an chúraim nádúrtha chraicinn as a bheith ag trádáil sa mhargadh domhanda **agus** ar na dúshláin a bhaineann leis an trádáil sin. | 7(4+3), 7 (4+3), 6(3+3)<br><br>Teastaíonn ceann amháin ar a laghad de gach aon cheann. | 20 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

**Roinn 3**

**Cuid 2**

**Fiontraíocht**

| **Ceist 4**<br><br>**Bainistíocht** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Déan plé ar an tábhacht do ghnólacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach.<br><br>(ii) Léirigh **dhá** chonstaic nach mór do bhainisteoir iad a shárú chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bhfoireann, agus tabhair sampla éagsúil i n**gach** cás. | 2@5(2+3)<br><br>2@5(2+2+1) | 20 |
| **(B)** | Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna éagsúla i dteoiric Maslow faoi thosaíochtaí na riachtanas **agus** léirigh conas a chuireann Réitigh an Heicseagáin an teoiric sin i bhfeidhm chun a gcuid fostaithe a spreagadh. | 5@4 (1+2+1). | 20 |
| **(C)** | (i) Déan cur síos ar **dhá** stíl cheannaireachta.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an stíl cheannaireachta a roghnaíonn bainisteoirí gnó.<br>Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. | 2@5(2+2+1)<br><br>2@5(2+2+1) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

| Ceist 5<br><br>Bainistíocht/Gnó i nGníomh | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na slite a mbíonn tionchar ag laghdú ar ioncam ó dhíolacháin ar ghnólacht. | 8(4+4), 7(4+3) | 15 |
| **(B)** | (i) Mínigh a bhfuil i gceist le **fadhb leachtachta** i ngnólacht.<br><br>(ii)Ríomh an Cóimheas Reatha **agus** an Cóimheas Fíorthástála do BioMed Teo do 2017 **agus** 2018. **Taispeáin do chuid oibre.**<br><br>(iii) Déan anailís ar an tábhacht a bhaineann leis na treochtaí do leachtacht BioMed Teo. | 3 mharc<br><br>16@1<br><br>(2+2+2) | 25 |
| **(C)** | Déan cur síos ar **dhá** chás éagsúla ina mbeadh gá ag gnólacht nuathionscanta le h**airgeadas gearrthéarmach agus** mínigh an fhoinse is oiriúnaí den airgeadas gearrthéarmach i n**gach** cás díobh sin. | 2@10 (4 +3+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

| Ceist 6<br><br>Bainistíocht /Gnó i nGníomh | | | Uas-<br><br>Mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh an téarma gné uathúil dhíolacháin (USP) **agus** tabhair sampla chun tacú le do fhreagra.<br><br>(ii) Agus tú ag tagairt d'uaireadóir aclaíochta Fitbit, léirigh na céimeanna seo a leanas i bhforbairt táirge nua: Staidéar Indéantachta, Forbairt Fréamhshamhla agus Margaíocht Tástála. | 5(3+2)<br><br>3@5(3+2) | 20 |
| **(B)** | (i) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na rioscaí a bhaineann le comhghuaillíocht straitéiseach mar mhodh chun gnó a fhairsingiú.<br><br>(ii) Mínigh modh amháin eile chun gnó a fhairsingiú. | 3@5 (2+3)<br><br>2+4+4 | 25 |
| **(C)** | Déan plé ar na cúiseanna a ndéanann bainistíocht measúnú feidhmíochta. | 3@5(2+3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

| Ceist 7<br>Gnó i nGníomh | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh na tosca ba chóir a chur san áireamh sula gcinntear ar an bpraghas a ghearrtar ar thomhaltóirí i gcomhair táirge.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar an straitéis phraghsála is fearr a oireann do **chéim thionscnaimh Intezz** agus **mínigh** an chúis atá le do rogha. | 3@6(3+3)<br><br>(3+2+2) | 25 |
| **(B)** | (i) Déan cur síos ar an ról atá ag Caidreamh Poiblí (PR) i ngnólacht.<br><br>(ii) Déan plé ar na modhanna a d'fhéadfadh Beveraton a chur san áireamh chun dea chaidreamh poiblí a fhorbairt, agus tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. | (3+2)<br><br>3@5(2+2+1) | 20 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar na tosca ba chóir do bhainisteoir margaíochta Intezz a chur san áireamh nuair a bhíonn pacáistiú don bhranda á dhearadh. | 3@5(2+3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

## ROINN 1

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | 10 |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| F | C | E | B | D |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 2. | | | Ainmnigh **trí** chatagóir na tionsclaíochta agus tabhair sampla **amháin** de ghairm bheatha i ngach catagóir díobh:<br>(i) Príomhúil Sampla: Feirmeoir<br>(i) Tánaisteach Sampla: Tógálaí/Oibreoir táirgeachta monarchan<br>(iii) Treasach Sampla: Baincéir | 10 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 3. | | | | 10 |

| | |
|---|---|
| ÍMAT (*PAYE*) | Íoc mar a Thuillir |
| MSU (*USC*) | Muirear Sóisialta Uilíoch |
| ÁSPC (*PRSI*) | Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta |
| CCÚT (*DIRT*) | Cáin Choinneála ar Ús Taisce |
| CGC (*CGT*) | Cáin Ghnóthachan Caipitiúil |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **4.** | | | Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart** i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas.<br><br>(i) Is é atá sa bhoilsciú ná **ardú / laghdú** ar an gcostas maireachtála thar thréimhse ama.<br><br>(ii) Is é **an Margadh Eorpach Aonair / an Banc Ceannais Eorpach** a shocraíonn rátaí úis na mbanc do bhaill limistéar an euro.<br><br>(iii) Nuair a ardaíonn luach an Euro (€) in aghaidh dhollar na Stát Aontaithe ($) **ardaíonn / íslíonn** praghas easpórtálacha na hÉireann.<br><br>(iv) Is é an toradh a bhíonn ar laghdú ar ÍMAT (PAYE) ná **níos mó / níos lú** ioncaim indiúscartha a bheith ag fostaí.<br><br>(v) Ba cheart go mbeadh **níos mó / níos lú** ioncaim ag Rialtas na hÉireann mar thoradh ar mhéadú ar an bhfostaíocht. | 10 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | (i) | | Mínigh an téarma **an t-íosphá náisiúnta.**<br><br>An íos-íocaíocht dhlíthiúil san uair d'fhostaithe a shocraíonn an Rialtas. | 10 |
| | (ii) | | Déan cur síos ar shlí amháin a d'fhéadfadh méadú ar an íosphá náisiúnta dul i bhfeidhm ar an ngnó in Éirinn ó thaobh na heacnamaíochta de.<br><br>• **D'fhéadfadh brabús an ghnó laghdú** de bharr costas níos airde.<br>• **D'fhéadfadh iomarcaíochtaí a bheith mar thoradh ar costais mhéadaithe.** D'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí líon foirne a laghdú de bharr an ráta íocaíochta d'fhostaithe a bheith méadaithe.<br>• **Éilimh Phá Eile:** D'fhéadfadh codanna eile den fhórsa saothair ardú pá a lorg mar fhreagra ar ardú san íosphá, a chuirfeadh le costais. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • **D'fhéadfadh cailliúint thrádála a bheith mar thoradh ar mhéadú praghsanna.** Cuirtear costais bhreise phá ar aghaidh chuig tomhaltóirí trí phraghsanna níos airde a ghearradh.<br>• **D'fhéadfadh nach meallfadh Éire Infheistíocht Dhíreach Eachtrach.** Chiallódh costais phá níos airde nach mbeadh Éire chomh hiomaíoch le tíortha eile. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **6.** | | | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ngnólacht ina mbeadh an réise rialúcháin róleathan.<br><br>•**Earráidí a déantar de bharr easpa maoirseachta.** D'fhéadfadh botúin tarlú de bharr nach féidir le bainisteoirí maoirseacht chuí a dhéanamh ar fhostaithe/d'fhéadfadh fostaithe cinntí a dhéanamh nach bhfuil oiliúint orthu a dhéanamh. / D'fhéadfadh nach ndéanfaí obair chasta agus shonrach i gceart.<br>•**Easpa meanma** Níos lú teagmháil phearsanta le fostaithe/d'fhéadfadh go mbeadh easpa treorach ar fhostaithe agus d'fhéadfadh frustrachas/easpa spreagadh teacht orthu.<br>•**Tnáitheadh Bainistíochta** D'fhéadfadh go mbeadh an bainisteoir treascartha de bharr an iomarca oibre agus go mbeadh droch-chinntí á ndéanamh mar thoradh air/d'fhéadfadh go ndéanfaí cinntí ró-mhear/níos lú ama ag bainistíocht le pleanáil a dhéanamh.<br>•**Droch-struchtúir Tuairiscithe.** D'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha a bheith mar thoradh air mura mbeadh fadhbanna á dtuairisciú in am de bharr droch-chumarsáide. | 10<br><br>Cad é/Cén fáth? |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **7.** | (i) | | AN CHUID EILE DEN AE ❷ | 10 |
| | (ii) | | (122 - 79) = €43 bn barrachais<br>❶ ❶ ❶ ❶ | |
| | (iii) | | CAIFE nó FÍON ❷ | |
| | (iv) | | Aeráid – Níl an aeráid in Éirinn chun pónairí caife/fíonchaor a fhás. ❷ | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **8.** | | | Mínigh an téarma **margadh nideoige** agus tabhair sampla chun tacú le do fhreagra**.**<br><br>Cuid beag speisialaithe de mhargadh níos mó le haghaidh táirge nó seirbhís. Is margadh speisialaithe é nach bhfuil ach cúpla soláthraí ann.<br><br>• Feithiclí oiriúnacha do chathaoireacha rotha.<br>• Bianna Orgánacha/Éanlaith Clóis Saor-raoin<br>• Bianna speisialta 'Saor Ó' – Veigeán/saor ó lachtós/saor ó ghlútan/earraí bia dóibh siúd a bhfuil diaibéiteas orthu<br>• Saghsanna éadaí / coisbheart speisialta.<br>• Bróga bainise | 10 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **9.** | | | Léirigh an tuiscint atá agat ar ghaolmhaireacht **chomhoibritheach** idir fiontraí agus infheisteoir**.**<br><br>Caidreamh ina n-oibríonn dhá pháirtí lena chéile chun comhsprioc a bhaint amach. Is caidreamh é ina mbíonn buntáiste ann don dá pháirtí.<br><br>Cuireann an t-infheisteoir caipiteal atá ag teastáil ar fáil don fhiontraí le húsáid chun táirge/seirbhís nua a fhorbairt agus chun toradh a fháil ar infheistíocht. | 10 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **10.** | (i) | | A = Costais Sheasta<br>B = Costais Iomlána<br>C = Ioncam Iomlán<br>D = Pointe Meá ar Mheá | 10 |
| | (ii) | | 270,000 – 240,000 = €30,000 | |
| | (iii) | | Teorainneacha ar Anailís Meá ar Mheá<br>• Glactar leis go mbíonn praghas díola seasmhach ann pé aschur a bhíonn i gceist.<br><br>• Glactar leis in anailís mheá ar mheá go ndíoltar an stoc ar fad.<br><br>• Ní bheidh na Costais Sheasta seasmhach ach le haghaidh raon beag den aschur agus glactar leis ar an gcairt gur seasmhach a bhíonn sé.<br><br>• Toradh is ea brabús a eascraíonn ó fhachtóirí eile chomh maith le haschur, fachtóirí ar nós athruithe teicneolaíocha, feabhsuithe i mbainistíocht, etc., ach is fachtóirí iad seo nach bhféachtar orthu san anailís. | |

## ROINN 2

**(A)** (i) Mínigh an téarma fiontraí.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann Emma Ní Dhálaigh as a bheith ina fiontraí.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **A** | (i) | | Fiontraí is ea duine a dhéanann rud éigean nua (a fheiceann bearna/easnamh sa mhargadh) agus a bhíonn sásta glacadh le riosca pearsanta agus airgeadais. Tosaíonn an fiontraí gnó chun táirge/seirbhís a thabhairt chuig an margadh chun brabús/toradh a thuilleamh. | 6 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **A** | (ii) | | <u>Saoirse Inmheánach/Neamhspleáchas/Ina saoiste uirthi féin</u><br>Mothaíonn an fiontraí saoirse ó bheith ina mháistir uirthi féin/smacht a bheith aici ar a saol féin.<br>***Thosaigh na teorainneacha a bhain le bheith ag obair do dhaoine eile ag cur as d'Emma.***<br><br><u>Glacadóir rioscaí</u><br>Baineann roinnt daoine spreagadh as rioscaí a ghlacadh; tá siad sásta rioscaí tomhaiste a ghlacadh agus iad sa tóir ar rath sa ghnó; deiseanna a ghlacadh agus rud éigean nua a dhéanamh.<br>***D'éirigh sí as a post chun dul i mbun gnó lena fear céile in 2015. D'athchóirigh sí féin agus a fear céile seanscioból agus rinne siad ionad do phóstaí agus bainiseacha de, agus rinne siad árasáin d'aíonna as roinnt stáblaí.***<br><br><u>Nuálach/Cruthaitheach</u><br>Tar éis dó bearna/easnamh a fheiceáil sa mhargadh baineann an fiontraí sásamh as a bheith ag déanamh rud éigin nua agus á thabhairt chuig an margadh.<br>***Agus í spreagtha ag a pósadh féin, cheap Emma go raibh deis ann gnó a thosú ag cur ionad malartach póstaí ar fáil.***<br><br><u>Brabús/Toradh airgeadais</u><br>An brabach ó bheith ag rith a gnó féin. De réir mar a fhásann an gnó is féidir le poitéinseal tuillimh fás chomh maith.<br>***In 2018, thuairiscigh an gnólacht brabús €100,000.*** | 14 |

**(B)** Déan measúnú ar na **gníomhaíochtaí bainistíochta** a bhaineann le hoibríocht Ionad Póstaí agus Bainiseacha Lóiste Pháirc an Choirce.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **B** | | | <u>Pleanáil</u><br>• Leagan amach **cuspóirí;** agus **polasaithe** ar **conas** a bhainfear amach iad.<br>***Is é an sprioc fadtéarmach atá ag Emma ná go mbeadh a hionad ar an ionad malartach is mó le rá in Éirinn i gcomhair póstaí agus bainiseacha, inar féidir le daoine pósadh, bainis a bheith acu agus fanacht ann i ndiaidh na hócáide.***<br><br>***Buaileann sí leis na lánúineacha ar fad bliain roimh an bpósadh agus pléann sí na roghanna éagsúla leo.***<br><br>***NÓ***<br><br>• Leagann ráitis misin amach an fhís don ghnó.<br>***Is é an sprioc fadtéarmach atá ag Emma ná go mbeadh a hionad ar an ionad malartach is mó le rá in Éirinn i gcomhair póstaí agus bainiseacha, inar féidir le daoine pósadh, bainis a bheith acu agus fanacht ann i ndiaidh na hócáide.***<br>***NÓ***<br><br>• Is féidir le pleananna a bheith **straitéiseach** (fadtéarmach),<br>***Is é an sprioc fadtéarmach atá ag Emma ná go mbeadh a hionad ar an ionad malartach is mó le rá in Éirinn i gcomhair póstaí agus bainiseacha, inar féidir le daoine pósadh, bainis a bheith acu agus fanacht ann i ndiaidh na hócáide.***<br>***NÓ***<br><br>• **Is féidir le pleananna a bheith taicticiúil** (gearrthéarmach /oibríocht reatha an ghnólachta). Is féidir le pleananna a bheith **oibríochtúil**.<br>***Ón teacht le chéile tosaigh sin, socraíonn Emma an líne ama chun eispéireas pósta uathúil pearsanta a bhaint amach.***<br>***NÓ***<br><br>• Bheadh pleanáil daonchumhachta (ag meaitseáil acmhainní daonna le riachtanais tionscadail) an-tábhachtach do ghnó ar nós Pháirc an Choirce.<br>***Tá seisear ar an bhfoireann lánaimseartha sa ghnólacht, agus fostaítear foireann pháirtaimseartha de réir mar is gá bunaithe ar mhéid na hócáide.***<br><br>**Measúnú** | 10 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | <u>Eagrú</u><br>Próiseas a bhaineann le hacmhainní daonna agus acmhainní fisiciúla a chur le chéile chun cuspóir a bhaint amach atá i gceist le heagrú. Daoine agus acmhainní a thabhairt le chéile chun pleananna nó polasaithe a chur i bhfeidhm. Struchtúr eagraíochtúil a thugtar ar chóiriú acmhainní. Ba cheart go mbeadh níos mó éifeachtúlachta agus an úsáid is fearr á baint as acmhainní mar thoradh ar dhea-eagrúchán.<br><br>Scarann **struchtúr líne/feidhmeach** gnó ina phríomhfheidhmeanna agus cuireann sé fostaithe a bhfuil seit scileanna cosúla acu ina ngrúpaí le chéile i ranna.<br>Ord Ceannasaíochta/Réise Rialúchán/Toscaireacht<br>***Déanann maoirseoir ar leith maoirseacht ar obair na bhfoirne lónadóireachta, beáir agus tís.***<br><br>**Struchtúr maitríseach** ná struchtúr foireann-bhunaithe a chuireann ar chumas fostaithe ó ranna difriúla tabhairt faoi thograí.<br>***Déantar na hoibrithe páirtaimseartha a roinnt ina bhfoirne don bhainis, agus tugtar treoracha dóibh maidir lena róil.***<br><br>**Measúnú** | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **B** | | | <u>Rialú</u><br>• An ghníomhaíocht bhainistíochta a bhaineann le cinntiú go mbaintear amach cuspóirí.<br>• Cuireann sé an fíor-thoradh i gcomparáid leis an toradh inmhianaithe chun a fheiceáil an bhfuil sé ag teacht leis na spriocanna a leagadh amach agus déantar scrúdú ar na cúiseanna le haon difríochtaí eatarthu.<br>• Caithfear tabhairt faoi ghníomh ceartaithe chun na spriocanna a bhaint amach ionas go mbaineann an gnólacht a chuspóirí amach.<br>• Tá ceithre chuid den ghnó ina mbíonn rialú tábhachtach. Is iad sin airgeadas, caighdeán, stoc agus creidmheas.<br>• Baineann rialú cáilíochta le chaighdeáin arda a leagadh síos agus a chothabháil<br><br>***Ní mór di feidhmiú laistigh de na buiséid a chomhaontaítear leis an lánúin.***<br>**NÓ**<br>***Ní mór d'Emma a chinntiú freisin go gcuirfear seirbhís den scoth ar fáil.***<br>**NÓ**<br>***Ainmníodh Lóiste Pháirc an Choirce le déanaí mar an tIonad Póstaí agus Bainiseacha is Fearr i gCúige Laighean.***<br>**NÓ**<br>***De réir mar atá líon na n-áirithintí ag fás, tá níos mó brú ar Emma i dtaca le freastal ar riachtanais na lánúineacha agus feidhmiú laistigh de na buiséid chomhaontaithe.***<br>**NÓ**<br>***Faoi láthair, tá Emma ag déanamh measúnú ar na cleachtais agus ar na nósanna imeachta leis an bhfoireann lánaimseartha, chun rudaí a chur ina gceart agus chun níos mó damáiste do cháil an ghnólachta a sheachaint.***<br><br>**Measúnú** | |

**(C)** An dóigh leat gur chomhlíon Lóiste Pháirc an Choirce, **mar sholáthraí seirbhíse**, téarmaí an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980?
Mínigh do fhreagra, agus úsáid á baint agat as do chuid eolais ar an Acht **agus** tagairt agat don téacs sa cheist ar an nGnó Fheidhmeach**.**

**(30)**

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **C** | | | NÍ DÓIGH.<br><br><u>Ba cheart gach seirbhís a chur ar fáil le haire chuí agus le díograis.</u><br>Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil soláthar na seirbhíse ar ardchaighdeán.<br>***I gcás bainis amháin le déanaí, thuig Emma go raibh níos mó i gceist le scóip na hoibre ná mar a cheap sí ar dtús, rud a d'fhág nach raibh ach fíorbheagán ama aici.***<br>**NÓ**<br>***Mar thoradh air sin, réitíodh na biachláir faoi dheifir agus bhí an dáta mícheart i gcló orthu.***<br><br><u>Úsáidfear bunábhair atá folláin agus beidh na hearraí a chuirfear ar fáil leis an tseirbhís i riocht díola.</u><br>Caithfidh gach ábhar a bheith ar ardchaighdeán agus caithfidh go mbeidh siad oiriúnach don bhfeidhm atá acu agus an praghas agus an buaine á chur san áireamh.<br>***Chomh maith leis sin, rinne an lánúin gearán nach bláthanna úra a bhí ag maisiú an ionaid.***<br><br><u>Ba cheart go mbeadh na scileanna cuí ag an soláthróir an tseirbhís a chur ar fáil.</u><br>Ba cheart go mbeadh an té a chuireann an tseirbhís ar fáil cáilithe chuige.<br>***Tharla sé gur fhostaigh Emma mac léinn coláiste áitiúil a raibh suim sa ghrianghrafadóireacht aige chun na grianghraif a thógáil, seachas grianghrafadóir gairmiúil.*** | 30 |

## ROINN 3

**Ceist 1**

**(A)** Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir le dlí na gconarthaí, agus tabhair sampla i n**gach** cás.:

**Inniúlacht Chonraithe** **Comaoin** **Dlíthiúlacht Foirme** **Toiliú le Conrú**

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | A | | **Inniúlacht Chonraithe**<br>Tá an ceart dlíthiúil (cumas) (inniúlacht) ag gach duine nádúrtha (duine) agus ag gach eintiteas dlíthiúil/corparáideach, ar nós cuideachtaí, chun dul isteach i gconradh gan bhac.<br>***Teastaíonn sampla chun lánmharcanna a ghnóthú***<br>**Ní bhíonn** sé de chumas acu siúd a leanas chonradh a dhéanamh go ginearálta: - Ógánaigh (iad siúd faoi bhun 18 mbliana d'aois) seachas i gcásanna áirithe e.g. riachtanais - Iad siúd faoi thionchar an óil nó drugaí - Gealta - Féimhigh - Taidhleoirí - Comhlachtaí a fheidhmíonn lasmuigh dá réimse cumhachta/ Ultra Vires.<br><br>**Comaoin**<br>Tagraíonn sé seo do mhalartú luacha i gconradh.<br>Ní mór do gach páirtí i gconradh rud éigin a bhfuil luach aige a thabhairt don pháirtí eile. Má tá comaoin ann, ní chruthóidh cúirt dlí amhras faoina leorgacht, ar choinníoll go bhfuil luach áirithe aici. De ghnáth, is íocaíocht airgeadaíochta de chineál éigin í an chomaoin ach d'fhéadfadh sí a bheith ina ní luachmhar a mhalartaítear mar chuid den chonradh.<br>***Teastaíonn sampla chun lánmharcanna a ghnóthú***<br><br>**Dlíthiúlacht foirme**<br>Le go meastar conarthaí áirithe a bheith dleathach, ní mór iad a dhréachtú ar bhealach ar leith. Ní mór roinnt conarthaí a bheith i scríbhinn má tá siad le bheith bailí de réir dlí.<br>***Teastaíonn sampla chun lánmharcanna a ghnóthú***<br><br>**Toiliú le conrú**<br>Is gá go rachadh an dá pháirtí isteach sa chonradh dá dtoil féin. Caithfidh siad aontú leis an gconradh gan tionchar míchuí a bheith orthu. Mura bhfuil aon rogha, níl toiliú i gceist. Caithfear toiliú go macánta agus go toilteanach.<br>***Teastaíonn sampla chun lánmharcanna a ghnóthú*** | 20 |

**(B)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis, **seachas pá**, a bhíonn le díospóid thionsclaíoch.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **B** | (i) | • **Dálaí Oibre:** Féadann díospóidí tionsclaíocha teacht aníos sa chás go dteipeann ar an lucht bainistíochta dálaí sábháilte oibre, trealamh sábháilte, sláinteachas cuí agus téamh imleor a chur ar fáil. D'fhéadfadh athruithe ar dhálaí oibre díospóid a tharraingt freisin/ Saoire, briseadh, uainchláir, etc.<br>• **Dífhostú Éagórach.** Ballraíocht i gceardchumann, tuairimí cráifeacha nó polaitiúla, imeacht dlíthiúil in aghaidh an fhostóra, cine, dath craicinn, gnéaschlaonadh, bheith i do bhall den lucht siúil, toircheas, leas a bheith á bhaint as saoire máithreachais, nochtadh cosanta a dhéanamh.<br>• **Teicneolaíocht Nua/Cleachtais oibre nua.** Féadfaidh oibrithe cur in aghaidh teicneolaíocht nua atá á tabhairt isteach má chreideann siad nár sholáthair an fostóir oiliúint chuí nó luach saothair cuí as a dtáirgiúlacht mhéadaithe.<br>• **Roghnú Éagórach i Leith Iomarcaíochta .** Má bhíonn oibrithe den tuairim go bhfuil nósanna imeachta éagóracha le haghaidh roghnú á n-úsáid nó den tuairim nach leor na híocaíochtaí iomarcaíochta.<br>• **Aitheantas Ceardchumainn:**<br>• **Comhionannas / Leithcheal** sa láthair oibre<br>• **Críochadóireacht** | 15 |

(ii) Déan plé ar na nósanna imeachta nach mór a leanúint sular féidir dul i mbun gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | B | (ii) | **Ballóid Rúnda**<br>Tá riachtanas ann go dtabharfadh Ceardchumainn faoi bhallóid rúnda i measc a mball sula dtugann siad faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch agus is gá go dtacódh tromlach na mball leis an ngníomhaíocht.<br>Is iad seo a leanas nósanna imeachta dea-chleachtais ba choir a leanúint I mballóid rúnda:<br>• Caithfidh tromlach na ndaoine aontú leis an gceist, agus ní féidir leis an gceist a bheith bainteach leis an dá shaghas gníomhaíochta, caithfidh an cheist a bheith sainiúil.<br>• Caithfidh gach ball den cheardchumann, a bhfuil sé réasúnta a cheapadh go bhféadfaí iarraidh orthu páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht thionsclaíoch, a bheith i dteideal vóta a chaitheamh.<br>• Caithfidh an ceardchumann bearta réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú go mbeidh gach ball in ann vóta a chaitheamh gan trasnaíocht ná bac a bheith orthu, agus chun go dtabharfar deis chóir do gach ball vóta a chaitheamh.<br>• Ba cheart go n-iarrfaí ar an lucht vótála an bhfuil siad sásta páirt a ghlacadh i stailc nó i ngníomhaíocht eile nach stailc í, pé acu is oiriúnaí.<br>• Tabharfaidh an ceardchumann faoi bhearta réasúnta chun a chinntiú go vótálann gach ball atá i dteideal vóta i mballóid áirithe gan trasnaíocht ón gceardchumann ná srian á chur ag an gceardchumann ar a bhaill, a oifigigh ná a fhostaithe agus, dá mhéid agus is féidir agus atá réasúnta, go dtabharfar deis vótála chóir do bhaill dá leithéid.<br>• Sa chás go mbíonn comhiomlán tromlaigh na vótaí iomlána a caitheadh i mballóid rúnda a reáchtálann ceardchumann atá cleamhnaithe le Comhdháil na gCeardchumann nó, i gcás ballóidí a reáchtálann níos mó ná ceardchumann amháin, ar son tacú le stailc a d'eagraigh ceardchumann eile, ní chuirfear cinneadh tabhairt faoi ghníomhaíocht tacaíochta i bhfeidhm mura gceadaíonn Comhdháil na gCeardchumann an ghníomhaíocht.<br><br>**Caithfear fógra sonrach a thabhairt don fhostóir**<br>**Fógra seachtaine**<br>Foráiltear san Acht gur ceart fógra seachtaine ar a laghad a thabhairt don fhostóir sa chás go mbíonn ballóid rúnda i bhfabhar gníomhaíocht thionsclaíoch. Ní bheidh an fostóir i dteideal iarratas a dhéanamh le haon chúirt ar urghaire a chuirfeadh srian leis an stailc nó le gníomhaíocht thionsclaíoch eile. | 10 |

**(C)** Déan measúnú ar Nós Imeachta na nÉileamh Beag chun coimhlint a réiteach.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | C | | **Neamhchostasach**<br>€25 an táille iarratais a sheolann tú ar aghaidh chuig cléireach cúirte dúiche le d'fhoirm iarratais, ar a thugtar an Cláraitheoir um Éilimh Bheaga. Ní féidir an táille a aisíoc. Córas iarratais ar líne<br><br>**Cúiteamh teoranta**<br>Ní féidir nós imeachta na nÉileamh Beag a úsáid ach amháin más €2,000 nó níos lú atá á éileamh agat.<br><br>**Ní theastaíonn aon Aturnae**<br>Is féidir le duine labhairt ar a shon féin.<br><br>**Cineálacha áirithe cásanna**<br>Ní phléann nós imeachta na n-éileamh beag le fiacha, gortuithe pearsanta ná le sárú ar chomhaontuithe léasa.<br>Ní phléitear ach an oiread le formhór na n-éileamh a bhaineann le réadmhaoin phríobháideach ar cíos.<br><br>**Measúnú**<br>Is féidir le tomhaltóirí in Éirinn éilimh trasteorann a dhéanamh ar suas le €5,000 in aghaidh gnólachtaí i dtíortha AE eile (seachas an Danmhairg) tríd an Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga.<br><br>Tá na scoithluachanna an-íseal agus ba cheart é a ardú ón leibhéal ag a bhfuil sé faoi láthair. | 15 |

**Ceist 2**

**(A)** (i) Déan plé ar an tábhacht a bhaineann le gnólacht a bheith freagrach maidir leis an gcomhshaol.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **A** | (i) | **Tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol.** úsáid táirgí a laghdaíonn an méid a bhraitheann tú ar acmhainní neamh-inathnuaite nádúrtha (e.g. iomairí báistí, córais ghrianfhuinnimh d'uisce te), úsáid táirgí a déantar as ábhar athchúrsáilte (e.g. earraí oifige a déantar as plaisteach athchúrsáilte, troscán a déantar as rubar athchúrsáilte), scrúdaigh do ghníomhaíochtaí gnó agus féach an féidir aon rud a dhéanamh i slí dhifriúil (e.g. aerthaisteal a laghdú trí ghlaonna comhdhála a dhéanamh seachas cruinnithe idirstáit).<br><br>**Coigilteas costas ó dhramhaíl a laghdú**<br>• is féidir costais a laghdú trí úsáid ábhar gan ghá a sheachaint / trí úsáid a bhaint as ábhair athchúrsáilte<br>• laghdaigh úsáid páipéir trí iarradh ar an bhfoireann priontáil ar dhá thaobh an pháipéir<br>• athúsáid tríd an bhfoireann a spreagadh le húsáid a bhaint as fuíollphaipéar le haghaidh teachtaireachtaí a scríobh síos, seachas ceapa nótaí a cheannach<br>• déan athchúrsáil trí fhuíollpháipéar a stialladh – is féidir é seo a athchúrsáil trí chóras tráchtála nó deis a thabhairt don fhoireann é a thabhairt abhaile dá gcairn múirín nó móta<br>De réir mar a bhogann comhlachtaí i dtreo athchúrsála agus i dtreo an méid ábhar a théann chuig líonadh talún a laghdú is féidir luach saothair a fháil trí níos lú dramhaíola a bheith acu agus costais á laghdú dá bharr.<br><br>**D'fhéadfadh dea-chleachtas custaiméirí nua a mhealladh**<br>D'fhéadfadh go mbeadh cur chun cinn modhanna neamhdhíobhálach don chomhshaol mar phointe difríochta idir gnó amháin agus a iomaitheoirí agus d'fhéadfaí custaiméirí a mhealladh ar mian leo táirgí agus seirbhísí a cheannach ó ghnólachtaí nach ndéanann díobháil don chomhshaol.<br><br>**Dea-chaidreamh poiblí don ghnólacht** agus feabhas á chur ar íomhá an ghnólachta / D'fhéadfadh sé a bheith mar ghné uathúil dhíolacháin (USP) don ghnólacht/ D'fhéadfadh sé dílseacht custaiméirí a spreagadh de réir mar a éiríonn custaiméirí níos airí i dtaobh an chomhshaoil.<br><br>**Inbhuanaitheacht a fheabhsú**<br>Feabhsóidh laghdú tionchair an ghnó ar an gcomhshaol inbhuanaitheacht an ghnó. Má bhíonn tú ag brath níos lú ar an | 15 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | acmhainní nádúrtha ná mar a bhíonn do chuid iomaitheoirí agus má bhíonn slite agat déileáil le hardú costas de bharr athrú aeráide, beidh seans níos mó go mbeidh rath ar do ghnó go fadtéarmach.<br><br>**D'fhéadfadh go gcabhródh béim ar do thionchar ar an gcomhshaol le baill foirne a mhealladh agus a choimeád.**<br><br>**D'fhéadfaí go meallfaí infheisteoirí.**<br><br>**Cumas an ghnó cloí le rialacháin a mhéadú.** | |

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart, seachas an beart a luaitear thuas, a d'fhéadfadh gnólacht a chur sa mheá ina iarracht a bheith níos freagraí maidir leis an gcomhshaol.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **A** | (ii) | **Iniúchadh Comhshaoil**<br>Imscrúdaithe neamhspleácha ar na tionchair a bhíonn ag an ngnólacht ar an gcomhshaol. Cuireann sé seo le feasacht an ghnólachta i dtaobh an chomhshaoil ionas gur féidir leo tionchar diúltach ar an gcomhshaol a laghdú.<br><br>**Athbhreithniú ar phróisis ghnó chun truailliú a laghdú.**<br><br>**Athchúrsáil**<br>Cabhraíonn athchúrsáil ar phacáistiú agus dramhaíl le tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a laghdú.<br><br>**Srian a chur le pacáistiú**<br><br>**Foinsigh bunábhair inbhuanaithe/bain úsáid as soláthróirí áitiúla agus laghdaigh an lorg carbóin sa tslí sin.**<br><br>**Fostaithe a chur faoi oiliúint chun feasacht chomhshaoil a fheabhsú.**<br><br>**Cloí le dlíthe comhshaoil**<br><br>**Úsáid fuinnimh**<br><br>**Comhroinnt carranna** | 10 |

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar na n-athróg eacnamaíoch seo a leanas ar ghnólachtaí in Éirinn.

**An ráta boilscithe** **An ráta úis** **An ráta fostaíochta**

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist</th><th>Freagra Féideartha</th><th>Uasmharc</th></tr>
<tr><td>2</td><td>B</td><td></td><td><u>An ráta boilscithe</u><br>D’fhéadfaidís seo a bheith mar thoradh ar rátaí boilscithe méadaitheacha:<br>• Laghdú ar Chaiteachas Tomhaltóirí/Titim san fhíor-leibhéal ioncaim.<br>• Costas iasachta ag méadú.<br>• Rioscaí boilscithe pá:<br>• Laghdaíonn cumas iomaíochta gnólachta<br><br><u>An ráta úis</u><br>Tionchar ag rátaí úis arda ar ghnó:<br>• Bíonn sé níos deacra fairsingiú de bharr costas caipitil ag méadú.<br>• Bíonn sé níos deacra a bheith leachtach agus soláthróirí a íoc in am de bharr costas maoinithe gearrthéarmach a bheith ag méadú.<br>• Brabús ag laghdú de bharr úis níos mó agus de bharr ioncam díolacháin a bheith ag titim.<br>• Laghdaíonn ioncam indiúscartha tomhaltóirí de bharr rátaí úis arda agus bíonn laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí mar thoradh air sin.<br><br><u>An ráta fostaíochta</u><br>Bíonn siad seo mar thoradh ar ráta fostaíochta méadaitheach:<br>• Bíonn níos mó ioncaim ag tomhaltóirí agus bíonn éileamh níos mó ar earraí/sheirbhísí dá thoradh.<br>• Méadú ar bhrú le haghaidh pá/tuarastal níos airde.<br>• Níos deacra daoine a fhostú nó fairsingiú gan pacáistí níos fearr a thairiscint d’oibrithe – seans go mbeadh tionchar aige sin ar chumas méadaithe.<br>• Braitheann an lucht saothair níos socra ina bpoist má bhíonn ag éirí go maith leis an ngnólacht.</td><td>20</td></tr>
</table>

**(C)** Mínigh na cúiseanna a spreagann Rialtas na hÉireann an fhiontraíocht in Éirinn.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **C** | | • **Fostaíocht.** Beidh níos mó post á gcur ar fáil ag comhlachtaí Éireannacha mar thoradh ar níos mó fiontraíochta. Is féidir leis na poist seo a bheith níos socra ná tionscail gan chuing.<br>• **Cánachas.** Tiocfaidh méadú ar thoradh cánachais de bharr méadú ar phoist mar aon le méadú ar ghníomhaíocht ghnó agus d'fhéadfadh an rialtas é seo a úsáid le hinfheistiú sa bhonneagar.<br>• Tiocfaidh méadú ar **easpórtálacha** de réir mar a dhíoltar earraí a tháirgtear in Éirinn thar lear/i margaí nua. D'fhéadfadh na hiompórtálacha dul i laghad. Ionadú allmhairí/ d'fhéadfadh comhardú na n-íocaíochtaí a laghdú.<br>• **Seachthairbhí.** Forbrófar cultúr fiontraíochta ina spreagfar níos mó daoine áitiúla le bheith ina bhfiontraithe.<br>• **Laghdú a Leas Sóisialach.** Laghdóidh na deiseanna fostaíochta méadaithe an méid a bhraitear ar leas sóisialach.<br>• **Fás Geilleagrach**<br>• **Cruthaítear gnólachtaí nua**<br>• **Forbairt pobail**<br>• **Fiontraíocht Éireann/Oifigí Fiontair Áitiúla**<br>• **Róspleáchas ar infheistíocht dhíreach eachtrach (IDE)** | 15 |

**Ceist 3**

**(A)** Déan measúnú ar ról institiúidí an AE i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **A** | | Is comhlacht feidhmiúcháin an AE é an Coimisiún Eorpach. Is é an comhlacht atá freagrach as reachtaíocht a mholadh etc. A luaithe agus a ritheann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Pharlaimint reachtaíocht, tá sé de fhreagracht ar an gCoimisiún a chinntiú go gcuirtear chun feidhme í etc. Rialacháin / Treoracha / Cinntí.<br><br>Déantar plé ar na tograí sin i bParlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin agus is féidir leasuithe ar an reachtaíocht a chur ar aghaidh. Bíonn easnamh daonlathach ann, áfach, toisc nach ndéanann Parlaimint na hEorpa reachtaíocht a thionscnamh ná a rith léi féin Tá cumhachtaí comhchinnteoireachta aige (comhchumhachtaithe dlí) atá ar chomhchéim le Comhairle an Aontais Eorpaigh i bhformhór mór na gceantar. Bunaíonn / ceadaíonn sé buiséad an AE in éineacht le comhairle an aontais eorpaigh.<br><br>De ghnáth, is í Comhairle an Aontais Eorpaigh a dhéanann cinntí. Déanann sí cinneadh ar reachtaíocht a dhréachtaíonn an Coimisiún Eorpach agus a phléann Parlaimint na hEorpa. Príomhchomhlacht cinnteoireachta an AE is ea an Chomhairle.<br><br>Measúnú ag teastáil | 25 |

**(B)** *I mí Eanáir 2019 bhí an euro 20 bliain ar an saol.*

Mínigh na cúiseanna a bhféadfadh sé go roghnódh gnólacht Éireannach trádáil le gnólachtaí eile **i limistéar an euro**.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | B | | • Ní bhíonn costas a bhaineann le hairgeadra a mhalartú i gceist agus an t-aon airgeadra amháin (an euro) ann. Laghdaíonn sé seo costais agus méadaíonn sé brabús do chomhlachtaí Éireannacha.<br>• Beidh sé níos fusa praghsanna a chur i gcomparáid i dtíortha éagsúla de bharr follasacht praghsanna mhéadaithe. Tá gnólachtaí in ann amh-ábhair níos saoire a fhoinsiú.<br>• De réir mar a thugann gnólachtaí Éireannacha níos mó airde ar iomaíocht éireoidh siad níos éifeachtúla chomh maith.<br>• Gheofar réidh leis an éiginnteacht a chruthaíonn rátaí malairte airgeadra. Tugann sé seo cobhsaíocht agus muinín do ghnólachtaí Éireannacha agus tugann sé níos mó ama dóibh díriú ar an nuálaíocht. | 15 |

**(C)** Déan plé ar na buntáistí a bhaineann gnólachtaí Éireannacha in earnáil an chúraim nádúrtha chraicinn as a bheith ag trádáil sa mhargadh domhanda **agus** ar na dúshláin a bhaineann leis an trádáil sin.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | C | | **Buntáistí**<br>• Méadaíonn an t-ioncam ó dhíolacháin. Tá daonra beag in Éirinn, tá daonra mór san Áise agus san Eoraip, mar sin d'fhéadfadh díol sna limistéir seo tionchar dearfach a imirt ar dhíolacháin agus ar bhrabúis.<br>• Barainneachtaí Scála nós mó – buntáistí ó thaobh costais le táirgeadh ar scála mór/Beidh laghdú i gcostas gach aonaid de bharr táirgeadh agus díol i líonta arda agus beidh méadú sna díolacháin agus sna bhrabúis dá bharr.<br>• Is féidir go mbeadh margaí nideoige ann i dtíortha áirithe, ar nós só-tháirgí cúram craicinn Éireannacha. Díriú ar mhargaí áirithe.<br>• D'fhéadfadh an gnó smaointe a fháil ó mhargaí eile agus ó iomaitheoirí atá ann cheana.<br><br>**Dúshláin**<br>• Beidh dian-chomórtas ann, mar sin ní mhairfidh ach na gnólachtaí is éifeachtúla/ Bíonn dian-iomaíocht idirnáisiúnta i bhfad níos dúshlánaí ná a bheith in iomaíocht sa mhargadh dúchasach amháin.<br>• Beidh go leor coinníollacha le comhlíonadh agus táirge cosmaide á dhíol i margaí idirnáisiúnta fiú más san AE a bhíonn siad. Caithfear baill foirne a chur faoi athoiliúint chuige seo agus d'fhéadfadh go dtiocfadh ardú ar chostais.<br>• Difríochtaí sóisialta agus cultúrtha. Saghsanna craicinn difriúla/athruithe sa táirge chun dul i ngleic leis seo.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí earraí a sheachadadh i slí atá mear agus gur féidir brath air ina thasc fíordheacair agus gnólacht ag feidhmiú i limistéir éagsúla ar fud an domhain. D'fhéadfadh go ndéanfar damáiste don stoc agus is minic a chuireann cliseadh isteach ar rathúlacht gnó.<br>• Dúshlánach feasacht a chruthú ar do bhranda ar scála domhanda a d'éascódh ath-dhíolachán, dílseacht custaiméirí.<br>• Caithfear láithreacht ar líne atá in ann déileáil leis an trádáil idirnáisiúnta a bheith ann/ríomhthráchtáil. I mbaol haiceála.<br>• An Breatimeacht. | 20 |

**Ceist 4**

**(A)** *Is gá go mbeadh sárscileanna cumarsáide ag Príomhoifigeach Airgeadais (CFO) i ngnólacht agus is gá dó/di a stíl chumarsáide agus a t(h)eachtaireacht a chur in oiriúint do pháirtithe leasmhara éagsúla.*

(i) Déan plé ar an tábhacht do ghnólacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach.

| **Ceist** | | | **Freagra Féideartha** | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **A** | (i) | • **Méaduithe i dtáirgiúlacht.** Caithfidh na fostaithe ar fad na treoracha a thuiscint agus caithfear na spriocdhátaí a chur in iúl d'fhostaithe agus beidh táirgiúlacht mhéadaithe mar thoradh air seo.<br>• **Caidreamh tionsclaíoch níos fearr.** Ciallaíonn teagmháil shoiléir agus toilteanas éisteacht le daoine eile gur féidir aon easaontú idir páirtithe leasmhara a réiteach sula mbíonn sé ina fhadhb chriticiúil. Córas chun cúiseanna gearán a chur in iúl ar fáil d'fhostaithe.<br>• **Tacaítear le hinfhiontraíocht.** Bíonn sruth le smaointe nua agus is féidir iad a fhorbairt go mear i ngnó ina bhfuil cumarsáid éifeachtach.<br>• **Cur Chuige Foirne.** Sa ghnó nua-aimseartha cuirtear struchtúr maitríseach i bhfeidhm mar a n-oibríonn fostaithe ar fhoirne tionscadail. Chun go mbeidh foirne éifeachtach, caithfidh na baill a bheith in ann cumarsáid go soiléir agus go hoibiachtúil lena chéile.<br>• **Is féidir cuspóirí soiléire a bhunú.** Is fusa pleanáil le fostaithe agus spriocanna aonaracha a leagan amach dóibh. Cabhróidh sé seo le fostaithe a spreagadh.<br>• **Níos mó muiníne i measc na foirne.**<br>• **Cinnteoireacht níos fearr** | 10 |

(ii) Léirigh **dhá** chonstaic nach mór do bhainisteoir iad a shárú chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bhfoireann, agus tabhair sampla éagsúil i n**gach** cás.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **A** | (ii) | • **Teanga** úsáid béarlagair/téarmaí atá ró-chasta, nach bhfuil cur amach ag daoine orthu agus / nó téarmaí teicniúla.<br>o *Ní mór teanga a roghnú atá oiriúnach don spriocphobal. Abairtí gairide soiléire, tacaíochtaí físe.*<br><br>• **Ní mór don mheán atá roghnaithe a bheith oiriúnach don teachtaireacht atá á tabhairt.** Ní mór don mheán a bheith ar comh-leibhéal le foirmeáltacht na cumarsáide.<br>o *Cinntigh go bhfuil an meán i gceart agus an gá le haiseolas á chur san áireamh (glao teileafóin) agus cruthúnas go bhfuair an faighteoir an teachtaireacht.*<br>• **Tráthúlacht (Am mícheart/gan go leor ama a thabhairt)**<br>o *Caithfear teachtaireachtaí a sheachadadh ag an am ceart. D'fhéadfaí nach léifí ríomhphoist taobh amuigh den obair. D'fhéadfaí neamhaird a dhéanamh ar theachtaireachtaí a thagann i ngiorracht do dheireadh an lae oibre..*<br>• **Struchtúr Eagrúcháin Míshoiléir** Má bhíonn an struchtúr eagrúcháin ró-dhírithe ar ordlathas d'fhéadfadh go gcuirfí teachtaireachtaí as riocht agus nach n-aistreofaí an teachtaireacht i gceart.<br>o *Cinntigh go seachadtar an teachtaireacht chuig an bhfaighteoir go díreach.*<br>• **An iomarca eolais.** Beidh mearbhall mar thoradh ar an iomarca eolais á aistriú ag aon am amháin. D'fhéadfadh an iomarca sonraí an spriocphobal a chur trína chéile.<br>o *Ba cheart do theachtaireachtaí a bheith soiléir agus gonta.*<br>• **Easpa aiseolais.** Mar thoradh air seo ní freagrófar ceisteanna agus beidh mearbhall ar na faighteoirí.<br>o *Bíodh córas aiseolais mar chuid den bpróiseas.*<br>• Bíonn **easpa muiníne** idir na páirtithe mar bhac ar theagmháil éifeachtach.<br>o *Cruthaigh caidrimh eiticiúla fhadtéarmacha chun a caidreamh muiníneach a chinntiú. Bain úsáid as oiliúint chumarsáide chun gach constaic a shárú.*<br><br>• **Constaicí fisiciúla**<br>• **Saghsanna ceisteanna/fadhbanna bainteacha** | 10 |

**(B)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

| |
|---|
| Cuideachta dhomhanda is ea Réitigh an Heicseagáin a dhearann bogearraí agus atá ag feidhmiú i mBaile Átha Cliath.<br><br>Tugann sí tuarastail iomaíocha agus conarthaí fadtéarmacha fostaíochta dá cuid fostaithe go léir. Tá struchtúr foirne aici ina n-oibríonn fostaithe ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain le chéile ar thograí nuálacha. Glactar le smaointe ón bhfoireann, agus déantar an nuálaíocht a chúiteamh. Tacaíonn Heicseagán le fostaithe a théann i mbun staidéar breise. |

Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna éagsúla i dteoiric Maslow faoi thosaíochtaí na riachtanas **agus** léirigh conas a chuireann Réitigh an Heicseagáin an teoiric sin i bhfeidhm chun a gcuid fostaithe a spreagadh.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | B | | Riachtanais Fhisiciúla<br>Riachtanas bia, uisce, éadaí agus dídean.<br>**Tugann sí tuarastail iomaíocha dá cuid fostaithe go léir**<br><br>Riachtanais Sábháilteachta<br>An gá le cinnteacht agus sábháilteacht fhisiciúil.<br>**Tugann sí conarthaí fadtéarmacha fostaíochta dá cuid fostaithe go léir**<br><br>Riachtanais Shóisialta<br>An gá idirghníomhú le daoine eile.<br>**Tá struchtúr foirne aici ina n-oibríonn fostaithe ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain le chéile ar thograí nuálacha.**<br><br>Riachtanais Urraime<br>An gá atá agat go n-aithneodh daoine eile do chruthú.<br>**Glactar le smaointe ón bhfoireann, agus déantar an nuálaíocht a chúiteamh.**<br><br>Féin-achtáil<br>Comhlíontar an riachtanas seo nuair a bhaineann fostaí a chumas iomlán amach.<br>**Tacaíonn Heicseagán le fostaithe a théann i mbun staidéar breise.** | 20 |

**(C)**

(i) Déan cur síos ar **dhá** stíl cheannaireachta.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **C** | (i) | • **Uathlathach** tugann an ceannaire treoracha do na daoine atá faoina chúram. Déanann sé cinntí gan iad a phlé le haon duine. Sampla: Aisghair táirge nó éigeandáil i siopa.<br><br><u>Saintréithe</u><br>• Tugann an ceannaire treoracha do na daoine atá faoina chúram.<br>• Ní dhéantar cinntí i gcomhar leo/níl aon chomhairliúchán ann.<br>• Níl mórán spáis do nuálaíocht de chuid fostaithe.<br><br>• **Daonlathach** Cuireann an ceannasaí na fostaithe san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta. Éisteann sé le tuairimí daoine eile agus d'fhéadfaí comhaontú na foirne a éascú. Cothaíonn an cheannaireacht muintearas ach is é an bainisteoir atá fós i gceannas/ Déantar an méid is mó as scileanna agus tallanna a fhostaithe trí ligean leo a gcuid tuairimí a roinnt seachas a bheith ag súil leo glacadh le cúrsaí mar atá.<br><br><u>Saintréithe</u><br>• Déanann an ceannaire cinntí i gcomhar leis na daoine faoina chúram.<br>• Éisteann sé le tuairimí fostaithe/comhoibríoch/coinníonn sé na fostaithe ar an eolas faoi athruithe ionas go mbraitheann siad go bhfuil siad mar chuid den ionad asdíola.<br>• Cothaíonn an cheannaireacht muintearas ach is é an bainisteoir atá fós i gceannas ón lár.<br>• Obair foirne – cothaítear atmaisféar ina gcuirtear luach ar eolas a roinnt/oscailteacht níos mó.<br>• Ní mór go mbeadh muinín ag an mbainisteoir agus ag na fostaithe as a chéile.<br><br>•**Laissez faire (saorálach)** Is beag baint a bhíonn ag lucht ceannaireachta/Is féidir le Fostaithe (ar nós meánbhainisteoirí) ag a bhfuil sárscileanna a gcuid cinntí féin a dhéanamh agus ní bhíonn aon ghá le comhordú lárnach.<br><br><u>Saintréithe</u><br>• Fostaithe ard-oilte/saineolaithe (amhail meánbhainisteoirí).<br>• Bíonn íochtaráin in ann spriocanna a leagan amach dóibh | 10 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | féin agus iad a bhaint amach agus ní chuireann an bhainistíocht isteach orthu.<br>• Ní mór go mbeadh fostaithe an-tógtha leis an obair**.** | |

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an stíl cheannaireachta a roghnaíonn bainisteoirí gnó. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **C** | (ii) | • Cinntí tapa/ar an toirt i gcás nach bhfuil gá le hionchur ar an gcinneadh nó i gcás nach n-athródh an cinneadh mar thoradh ar ionchur na bhfostaithe, bheadh stíl uathlathach oiriúnach.<br>• **Saghsanna fostaithe.** Is gá machnamh a dhéanamh ar an méid treorach a bheidh ag teastáil ó fhostaithe. Oireann an stíl uathlathach níos fearr d'fhoireann líne chóimeála.<br>• **Am.** Má theastaíonn toradh mear, d'fhéadfadh go dteastódh stíl ceannaireachta níos uathlathaí.<br>• **Castacht an taisc/Scileanna na bhfostaithe.** Teastóidh treoir agus maoirseacht níos sonraí le haghaidh tasc níos casta. Mar sin féin, má tá tacar sainscileanna ard ann, d'fhéadfadh gur gá go mbeadh an ceannaire ina éascaitheoir do na fostaithe chun go ligfí leo an tasc a oibriú amach dóibh féin.<br>• **Cultúr Corparáideach.** Beidh tionchar ag cultúr na heagraíochta ar an stíl cheannaireachta a mbíonn an bainisteoir ag súil leis.<br>• **Réise Rialúcháin** | 10 |

**Ceist 5**

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na slite a mbíonn tionchar ag laghdú ar ioncam ó dhíolacháin ar ghnólacht.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **A** | | • Laghdú ar na brabúis<br>• Athstruchtúrú costas ag teastáil<br>• D'fhéadfadh gur ghá líon na bhfostaithe a laghdú<br>• D'fhéadfadh gur ghá promóisean díolachán a mhéadú<br>• Soláthróirí eile a shainaithint<br>• Mionathrú táirgí<br>• Taighde margaidh – margaí nua ag teastáil.<br>• Praghas na scaireanna/Stoc mhalartán/Infheisteoirí | 15 |

**(B)** Tógadh na figiúirí sa tábla thíos as cuntais deiridh BioMed Teo.

| | **2017** | **2018** |
|---|---|---|
| Sócmhainní Reatha (stoc ar deireadh san áireamh) | 40,000 | 62,500 |
| Dliteanais Reatha | 20,000 | 25,000 |
| Stoc ar Deireadh | 10,000 | 42,500 |

(i) Mínigh a bhfuil i gceist le **fadhb leachtachta** i ngnólacht.

| **Ceist** | | | **Freagra Féideartha** | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **B** | (i) | Tagraíonn fadhb leachtachta d'easpa cumais cuideachta airgead a bhailiú chun fiacha gearrthéarmacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. | 3 |

(ii) Ríomh an Cóimheas Reatha **agus** an Cóimheas Fíorthástála do BioMed Teo do 2017 **agus** 2018. **Taispeáin do chuid oibre.**

**Taispeáin do chuid oibre.**

| **Ceist** | | | **Freagra Féideartha** | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|---|---|
| **5** | **B** | (ii) | **Cóimheas Reatha (Sócmhainní Reatha / Dliteanas Reatha)** ❶<br>**2017** **2018**<br>40,000:20,000 = **2:1** 62,500:25,000 = **2.5:1**<br>❶ ❶ ❶ ❶ ❶ ❶ | **7m** | 16 mharc |
| | | | **Fíorthástáil Sócmhainní Reatha-Stoc/Dliteanas Reatha** ❶<br>**2017** **2018**<br>40,000-10,000:20,000 = **1.5:1** 62,500-42,500:25,000 = **0.8:1**<br>❶ ❶ ❶ ❶ ❶ ❶ ❶ ❶ | **9m** | |

(iii) Déan anailís ar an tábhacht a bhaineann leis na treochtaí do leachtacht BioMed Teo.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **B** | (iii) | • Tá méadú ar an gcóimheas reatha ó 2:1 go 2:5:1. Tá sé seo os cionn an chóimheasa idéalaigh 2:1.<br>• Tá laghdú ó 1.5:1 chuig 0.8:1 tagtha ar an bhfíorthástáil. Tá sé seo faoi bhun na huimhreach idéalaí 1:1<br>• Tá an iomarca stoc á gcoimeád ag an ngnólacht ina shócmhainní reatha. D'fhéadfadh go gcruthódh sé sin deacracht ó thaobh airgead a bhailiú chun fiacha gearrthéarmacha a íoc, toisc gur bhféadfadh sé roinnt ama a ghlacadh stoc a dhíol. | 6 |

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** chás éagsúla ina mbeadh gá ag gnólacht nuathionscanta le h**airgeadas gearrthéarmach agus** mínigh an fhoinse is oiriúnaí den airgeadas gearrthéarmach i n**gach** cás díobh sin.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **C** | | • **Íoc as stoc.**<br>Is féidir <u>Creidmheas Trádála</u> a úsáid le híoc as stoc. Beidh ar an ngnólacht nua aontú ar théarmaí lena soláthróirí. Tugann sé seo am don ghnó stoc a dhíol sula n-íocann sé as.<br>• **Pá a íoc/Cíos na chéad mhíosa/éarlais**<br>D'fhéadfaí <u>Rótharraingt Bhainc</u> a fháil chun íoc as pá le linn na chéad mhíosa. Áis a bhíonn ar fáil i gcuntas reatha inar féidir leis an sealbhóir cuntais níos mó a tharraingt ón gcuntas ná mar atá istigh ann. Faoi réir teorann agus comhaontú. Ús iníoctha ar an iarmhéid laghdaitheach.<br>• **Fóntais**<br>Is féidir <u>fabhraithe</u> (costais nach bhfuil íoctha) a úsáid chun íoc as fóntais. Úsáidtear na fóntais le linn na míosa ach ní chaithfear iad a íoc go dtí deireadh na míosa. Is féidir an t-airgead seo a úsáid do chúiseanna eile le linn na míosa. | 20 |

## Ceist 6

**(A)**

(i) Mínigh an téarma gné uathúil dhíolacháin (USP) agus tabhair sampla chun tacú le do fhreagra.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | A | (i) | Gné den táirge/tseirbhís a **idirdhealaíonn** é ó tháirgí/sheirbhísí cosúla agus óna iomaitheoirí. A bhfuil agatsa nach bhfuil ag do chuid iomaitheoirí. Cuireann an custaiméir luach leis an ngné uathúil dhíolacháin agus meallann sé chuig an táirge é.<br><br>Tá sampla ag teastáil. | 5 |

(ii) Agus tú ag tagairt d'uaireadóir aclaíochta Fitbit, léirigh na céimeanna seo a leanas i bhforbairt táirge nua: Staidéar Indéantachta, Forbairt Fréamhshamhla agus Margaíocht Tástála.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | A | (ii) | **Staidéar Indéantachta**<br>Is iniúchadh é seo le fáil amach an féidir táirge a dhéanamh agus an bhfuil brabús le baint as. Aithníonn sé an ceart nó nár cheart an smaoineamh a tháirgeadh. Is féidir indéantacht a mheas ó thaobh indéantacht mhargaidh nó indéantacht airgeadais.<br>**Tagairt:** *Bhí orthu Fitbit a tháirgeadh sa tslí agus go mbeadh sé inacmhainne dóibh an teicneolaíocht a dhíol. Bhí air a bheith in ann na feidhmeanna a gealladh a dhéanamh chomh maith.*<br><br>**Forbairt Fréamhshamhla**<br>Is macasamhail í seo den bhuntáirge. Táirgtear í sa tslí agus go mbeidh aon locht feiceálach sa bhundearadh agus le fáil amach an féidir an táirge a dhéanamh. Cuireann an fhréamhshamhail ar a gcumas an táirge a athrú/uasdátú. Is féidir saintréithe, deacrachtaí agus costais táirgeachta a aithint.<br>**Tagairt:** *Léiríodh gur oibrigh Fitbit ag staid na fFéamhshamhla, ach dearadh é le bheith slachtmhar agus proifisiúnta chomh maith le scáileán dubh agus a strapaí dubha/daite.*<br><br>**Margaíocht Tástála**<br>Baineann sí seo leis an táirge a chur amach i sciar beag den mhargadh agus a n-aiseolas a fháil. Cuireann sé seo ar a gcumas an táirge a fheabhsú sula seolfar é.<br>**Tagairt:** *D'fhéadfadh gur cuireadh Fitbit amach chuig sciar den mhargadh chun a thuairimí a thomhas, i.e. grafaicí níos mó ag teastáil.* | 15 |

**(B)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na rioscaí a bhaineann le comhghuaillíocht straitéiseach mar mhodh chun gnó a fhairsingiú.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | B | (i) | **Buntáistí**<br>• Is comhaontú saorálach é<br>• Maireann gach páirtí ina eintiteas dlíthiúil ar leith.<br>• Roinntear scileanna agus rioscaí ionas go mbaineann gach páirtí tairbhe as.<br>• Fáil ar líonra soláthróirí agus dáileoirí seanbhunaithe.<br>• Is slí mhear é leathnú isteach i margaí eachtracha ar chostas íseal.<br>• Baineann na páirtithe tairbhe as roinnt na líonraí gnó.<br>• Méadú Acmhainní.<br><br>**Rioscaí**<br>• D'fhéadfaí rúin chorparáideacha/buntáistí iomaíochta a chailliúint<br>• D'fhéadfadh nach mbeadh comhaontais cothrom. D'fhéadfadh taobh amháin níos mó a chur leis ná an taobh eile.<br>• Níl sna comhaontais ach seal, mar sin is gá athruithe a bhainistiú go cúramach chun a chinntiú nach bhfágfar baill foirne lán-aimseartha le fán toisc go mbeifear ag brath orthu nuair a bheidh an comhaontas críochnaithe. | 15<br><br>Teastaíonn ar a laghad ceann amháin de gach aon cheann. |

(ii) Mínigh modh **amháin** eile chun gnó a fhairsingiú.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | B | (ii) | **Cumaisc**<br>Tagann dhá ghnólacht le chéile agus cruthaítear eintiteas dlíthiúil nua.<br>Ní hamháin go bhfaigheann an gnólacht feidhm, eispéireas agus scileanna nua go mear, ach faigheann sé éileamh níos mó ó thomhaltóirí go mear (méadaíonn sciar margaidh láithreach bonn).<br><br>**Éadáil**<br>Ceannaíonn gnólacht amháin scair cheannasach (51% nó níos mó de na scaireanna vótála) i ngnólacht eile agus sealbhaíonn sé é. Is minic a bhíonn éadáil naimhdeach agus is féidir go | 10 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | gcuirfeadh sé i gcoinne thoil na n-úinéirí reatha.<br>Caithfear forbairt a dhéanamh chun go mbronnfar lánmharcanna<br><br>**Saincheadúnú**<br>Is saghas fairsingithe é a dteastaíonn infheistíocht chaipiteal íseal ón saincheadúnóir chuige mar go dtagann an caipiteal a úsáidtear chun an gnólacht a fhairsingiú ó shaincheadúnais. An-oiriúnach/coitianta sa timpeallacht eacnamaíoch reatha mar chineál fairsingithe.<br><br>**Ceadúnú**<br>**Easpórtáil/margadh nua a aimsiú**<br>**Éagsúlú**<br>**Fás Orgánach** | |

**(C)** Déan plé ar na cúiseanna a ndéanann bainistíocht measúnú feidhmíochta.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **C** | | • Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn fostaithe ionas gur féidir luach saothair cuí a chinneadh.<br>• Is féidir cuspóirí a leagan amach do chruthú sa todhchaí agus is féidir na spriocanna seo a aontú le fostaithe.<br>• Cinneadh a dhéanamh ar phá oiriúnach d'fhostaithe nó féidearthacht ardú pá a phlé.<br>• Aiseolas a chur ar fáil d'fhostaithe ionas gur féidir a dtáirgiúlacht a mhéadú.<br>• Spreagadh foirne a fheabhsú trí éachtaí foirne a aithint agus luach saothair cuí a bhronnadh.<br>• Féidearthacht ardú céime nó bónas nó síneadh conradh fostaí a mheas.<br>• Faigheann an bhainistíocht aiseolas ó na fostaithe faoi na hacmhainní a theastaíonn uathu/oiliúint, riachtanais athoiliúna nó tacaíochtaí breise.<br>• Aschur fostaí a mheas in aghaidh caighdeán áirithe. | 15 |

## Ceist 7

**(A)** (i) Mínigh na tosca ba chóir a chur san áireamh sula gcinntear ar an bpraghas a ghearrtar ar thomhaltóirí i gcomhair táirge.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | A | (i) | • Costais Táirgthe<br>• Éileamh sa mhargadh<br>• Iomaíocht<br>• Ionchais Tomhaltóirí/Íomhá an táirge<br>• Cánachas (taraifí, táille iompórtála)<br>• Laithriú Táirgí<br>• Céim na Saolré Táirge<br>• Srianta Dlí<br>• Spriocmhargadh | 18 |

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an straitéis phraghsála is fearr a oireann do **chéim thionscnaimh Intezz** agus **mínigh** an chúis atá le do rogha.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | A | (ii) | • **Praghsáil Fódaithe.** Téann an gnólacht san iomaíocht le haghaidh sciar mór den mhargadh ag baint úsáid as an bpraghas. Toilíonn/déanann an gnólacht iarracht an sciar is mó den mhargadh agus gur féidir leis a ghabháil. Bheadh sé seo oiriúnach dá dtabharfaí faoi Intezz sa 'bhosca lóin' / sa mhórmhargadh.<br>• **Scimeáil praghsanna.** Gearrann an gnólacht praghas ard chun an chuid is fearr a bhaint as roinn scothearraí an mhargaidh. Bheadh sé seo oiriúnach dá mbeadh an táirge in ainm is díriú ar an gcuid is costasaí den mhargadh ar nós spórtlann, lúthchleasaithe proifisiúnta. | 7 |

**(B)** (i) Déan cur síos ar an ról atá ag Caidreamh Poiblí (PR) i ngnólacht.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **B** | (i) | Gach iarracht a dhéanann gnólacht chun dea-íomhá phoiblí a chruthú don ghnó. Tá sé mar aidhm leis poiblíocht fhabhrach a bhaint amach agus dea-íomhá chorparáideach a thógáil dá ghnó / baineann sé le cuspóir fadtéarmach d'íomhá fhabhrach den ghnó a chur chun cinn. Dea-cháil an ghnólachta a chosaint ar cháineadh (in am géarchéime). Níl sé seo ceangailte go díreach le díolacháin atá ag méadú ach le dea-cháil an ghnólachta a mhéadú, rud a chuirfidh leis na díolacháin. | 5 |

(ii) Déan plé ar na modhanna a d'fhéadfadh Beveraton a chur san áireamh chun dea chaidreamh poiblí a fhorbairt, agus tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **B** | (ii) | • **Urraíocht.**<br>Tacaíocht Airgeadais mar chúiteamh ar dhea-phoiblíocht. E.g. Urraíocht a thabhairt d'fhoireann peile agus go gcuirfear ainm an bhranda ar na geansaithe.<br>• **Tacaíocht ó dhaoine cáiliúla/tionchairí.**<br>Feictear daoine cáiliúla ag baint úsáid as an táirge agus/nó ag tacú leis ar na meáin shóisialta. D'fhéadfaí lucht leanta na ndaoine cáiliúla a mhealladh leis an táirge a úsáid.<br>• **Preasagallaimh/Seoladh/Meáin/Meáin Shóisialta.**<br>Ba cheart go ndíreofaí an seoladh oifigiúil ionas go meallfar an pobal agus go gcruthófar dea-íomhá de bhranda Intezz.<br>• Áirítear le straitéisí PR eile: Tuarascálacha bliantúla; Bróisiúir ghnó; Litríocht phoiblíochta; Scannáin phromóisin / Síntiúis le carthanais / Caidreamh pobail áitiúla/Seirbhís iardhíola | 15 |

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca ba chóir do bhainisteoir margaíochta Intezz a chur san áireamh nuair a bhíonn pacáistiú don bhranda á dhearadh.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **C** | | • **Promóisean-** Dath/dearadh/cruth a mheallfadh custaiméir.<br>• **Idirdhealú ó iomaitheoirí.** Ba cheart go mbeadh an pacáistiú difriúil ó na hiomaitheoirí a thugann gné uathúil dhíolacháin le fios/buntáiste iomaíoch. Coimeád in aigne an custaiméara gur féidir é a cheannach.<br>• **Íomhá/Aeistéitic.** Caithfidh cuma mhaith a bheith air agus úsáid á baint as cruth, méid agus dath. Ba cheart go seasfadh an táirge amach agus ba cheart go mbeadh cuma mhaith air ar an tseilf.<br>• **Cosaint-** le linn stórála agus láimhseála-Coimeádán aer comhbhrúite chun úire a choinneáil. Buidéil gur éasca ól astu.<br>• **Riachtanais Dlíthiúla.** Cén t-eolas a chaithfear a thaispeáint ar an bpacáistiú. E.g. Barrachód lena scanadh, dáta ar fearr roimhe, comhábhair, méid siúcra, ailléirginí, tír thionscnaimh.<br>• **Méid/Caoithúlacht.** Braithfidh méid an aonaid ar an bplean margaíochta. An bhfuil an deoch dírithe ar bhoscaí lóin nó ar an<br>Margadh folláine.<br>• **In-athchúrsáilte.** A bheith aireach don chomhshaol / buidéal ar féidir a athúsáid.<br>• **Costas** | 15 |